



CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/457 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Feabhra 2026

lena n-údaraitear bia, comhábhair bhia agus beatha a tháirgtear as biatas siúcra géinmhodhnaithe KWS20-1 a chur ar an margadh, de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2026) 1262)

(Is iad na téacsanna Ollainnise agus Gearmáinise amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le bia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 7(3) agus Airteagal 19(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 30 Bealtaine 2023, chuir Bayer Agriculture B.V., atá lonnaithe sa Bheilg, thar ceann Bayer CropScience LP, atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe, agus KWS SAAT SE & Co. KGaA, atá lonnaithe sa Ghearmáin, ('na hiarratasóirí'), iarratas faoi bhráid údarais inniúil náisiúnta na hÍsiltíre maidir le bia, comhábhair bhia agus beatha a thairgtear as biatas siúcra géinmhodhnaithe KWS20-1 a chur ar an margadh, i gcomhréir le hAirteagail 5 agus 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ('an t-iarratas').
- (2) An 12 Bealtaine 2025, d'eisigh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') tuairim eolaíoch fhabhrach ⁽²⁾ maidir le biatas siúcra géinmhodhnaithe KWS20-1 i gcomhréir le hAirteagail 6 agus 18 de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid maidir le biatas siúcra géinmhodhnaithe KWS20-1, a thuairiscítear san iarratas, go bhfuil sé chomh sábháilte céanna lena mhacasamhail thraidisiúnta agus leis na cineálacha tagartha biatais siúcra neamh-ghéinmhodhnaithe a ndearnadh tástáil orthu, i ndáil leis na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ar shláinte an duine, ar shláinte ainmhithe agus ar an gcomhshaol. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin nach údar imní é ó thaobh an chothúcháin de bia agus beatha a thairgtear as biatas siúcra géinmhodhnaithe KWS20-1 a thomhailt.
- (3) Rinne an tÚdarás breithniú, sa tuairim eolaíoch uaidh, ar gach ceist agus ábhar imní a tharraing na Ballstáit anuas i gcomhthéacs an chomhairliúcháin leis na húdarais inniúla náisiúnta dá bhforáiltear in Airteagal 6(4) agus Airteagal 18(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.
- (4) Agus na conclúidí sin á gcur san áireamh, maidir le bia, comhábhair bhia agus beatha a thairgtear as biatas siúcra géinmhodhnaithe KWS20-1, ba cheart údarú a thabhairt na nithe sin a chur ar an margadh le haghaidh na n-úsáidí a liostaítear san iarratas.
- (5) I litir dar dáta an 19 Eanáir 2026, chuir Bayer Agriculture B.V., atá lonnaithe sa Bheilg, an Coimisiún ar an eolas gur athraigh Bayer CropScience LP a fhoirm dhlíthiúil agus gur athraigh sé a ainm go Bayer CropScience LLC ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh.
- (6) Ba cheart aitheantóir uathúil a shannadh do bhiatas siúcra géinmhodhnaithe KWS20-1 i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 65/2004 ón gCoimisiún ⁽³⁾.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1829/oj>.

⁽²⁾ Painéal OGM EFSA (Painéal EFSA um Orgánaigh Ghéinmhodhnaithe), 2025. Tuairim Eolaíoch maidir leis an measúnú ar bhiatas siúcra géinmhodhnaithe KWS20-1 (iarratas GMFF-2023-14732). EFSA Journal [Iris EFSA] 2025; 23(5):9381. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2025.9381>.

⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 65/2004 ón gCoimisiún an 14 Eanáir 2004 lena mbunaítear córas chun aitheantóirí uathúla d'orgánaigh ghéinmhodhnaithe a fhorbairt agus a shannadh (IO L 10, 16.1.2004, lch. 5, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2004/65/oj>).

- (7) I gcás na dtáirgí a chumhdaítear leis an gCinneadh seo, is cosúil nach bhfuil gá le haon cheanglas sonrach lipéadaithe, seachas na ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 13(1) agus Airteagal 25(2), pointí (a) agus (b), de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.
- (8) Ní thugann an tuairim ón Údarás údar le coinníollacha nó srianta sonracha eile a fhorchur maidir le cur ar an margadh, úsáid agus láimhseáil bia, comhábhar bia agus beatha a thairgtear as biatas siúcra géinmhodhnaithe KWS20-1, dá bhforáiltear in Airteagal 6(5), pointe (e) agus Airteagal 18(5), pointe (e) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.
- (9) An fhaisnéis ábhartha uile maidir le húdarú na dtáirgí a chumhdaítear leis an gCinneadh seo, ba cheart í a iontráil sa chlár Comhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe dá dtagraítear in Airteagal 28(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.
- (10) Níor thug an Buainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha tuairim uaidh laistigh den teorainn ama a leag Cathaoirleach an Choiste síos. Measadh an gníomh cur chun feidhme seo a bheith riachtanach agus chuir an Cathaoirleach faoi bhráid an choiste achomhairc é le go ndéanfar tuilleadh plé ina leith. Níor thug an coiste achomhairc tuairim uaidh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Orgánach géinmhodhnaithe agus aitheantóir uathúil

Biatas siúcra géinmhodhnaithe (*Beta vulgaris* L.) KWS20-1, a shonraítear i bpointe (b) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, sanntar an t-aitheantóir uathúil KB-KWS201-6 dó, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 65/2004.

Airteagal 2

Údarú

Údaraítear na táirgí seo a leanas i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach sa Chinneadh seo:

- (a) bianna agus comhábhair bhia a tháirgtear as biatas siúcra géinmhodhnaithe KB-KWS201-6;
- (b) beatha a tháirgtear as biatas siúcra géinmhodhnaithe KB-KWS201-6.

Airteagal 3

Lipéadú

Chun críocha na gceanglas lipéadaithe a leagtar síos in Airteagal 13(1) agus in Airteagal 25(2), pointí (a) agus (b), de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, is é 'biatas siúcra' ainm an orgánaigh.

Airteagal 4

Modh braite

Beidh feidhm ag an modh a leagtar amach i bpointe (d) den Iarscríbhinn maidir le biatas siúcra géinmhodhnaithe KB-KWS201-6 a bhrath.

Airteagal 5

An clár Comhphobail

An fhaisnéis a leagtar amach san Iarscríbhinn, iontrálfar í sa chlár Comhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe, dá dtagraítear in Airteagal 28(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.

*Airteagal 6***Sealbhóirí an údaráithe**

Is iad na gnóthais seo a leanas sealbhóirí an údaráithe:

- (a) Bayer CropScience LLC, arna ionadú san Aontas ag Bayer Agriculture B.V., an Bheilg;
- (b) KWS SAAT SE & Co. KGaA, an Ghearmáin.

*Airteagal 7***Bailíocht**

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ar feadh tréimhse 10 mbliana ón dáta a dtabharfar fógra faoi.

*Airteagal 8***Seolaí**

Dírítear an Cinneadh seo chuig:

- (a) Bayer CropScience LLC, 800 N. Lindbergh Boulevard, St. Louis, Missouri 63167, na Stáit Aontaithe, arna ionadú san Aontas ag Bayer Agriculture B.V., Scheldelaan 460, 2040 Antuairp, an Bheilg;
agus
- (b) KWS SAAT SE & Co. KGaA, Grimsehlstrasse 31, Einbeck, 37574, an Ghearmáin.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Feabhra 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Olivér VÁRHELYI
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

(a) **Na hiarratasóirí agus sealbhóirí an údaráithe:**

- (1) Ainm: Bayer CropScience LLC
 Seoladh: 800 N. Lindbergh Boulevard St. Louis, Missouri 63167, na Stáit Aontaithe,
 arna ionadú san Aontas ag Bayer Agriculture B.V., Scheldelaan 460, 2040, Antuairp, an Bheilg;
 agus

- (2) Ainm: KWS SAAT SE & Co. KGaA
 Seoladh: Grimsehlstrasse 31, Einbeck, 37574, an Ghearmáin.

(b) **Ainmniú agus sonrú na dtáirgí:**

- (1) bianna agus comhábhair bhia a tháirgtear as biatas siúcra géinmhodhnaithe (*Beta vulgaris* L.) KB-KWS2Ø1-6;
 (2) beatha a tháirgtear as biatas siúcra géinmhodhnaithe (*Beta vulgaris* L.) KB-KWS2Ø1-6;

An biatas siúcra géinmhodhnaithe KB-KWS2Ø1-6, léiríonn sé géin *dmo*, lena dtugtar frithsheasmhacht in aghaidh luibhicídí ina bhfuil díceamba, an ghéin *pat*, lena dtugtar frithsheasmhacht in aghaidh luibhicídí ina bhfuil amóiniam glúfosanáite agus an ghéin *cp4 epsps*, lena dtugtar frithsheasmhacht in aghaidh luibhicídí ina bhfuil gliofosáit.

(c) **Lipéadú:**

Chun críocha na gceanglas lipéadaithe a leagtar síos in Airteagal 13(1) agus in Airteagal 25(2), pointí (a) agus (b), de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, is é 'biatas siúcra' ainm an orgánaigh'.

(d) **Modh braite:**

- (1) modh teagmhas-shonrach atá bunaithe ar imoibriú slabhrúil polaiméaráise fíor-ama chun biatas siúcra géinmhodhnaithe KB-KWS2Ø1-6 a chainníochtú;
 (2) arna bhailíochtú ag saotharlann tagartha an Aontais arna bunú faoi Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, arna fhoilsiú ag <https://gmo-crl.jrc.ec.europa.eu/method-validations>;
 (3) ábhar tagartha: AOCS 0523-B (le haghaidh KB-KWS2Ø1-6) agus AOCS 1206-A (le haghaidh a mhacasamhail nach bhfuil géinmhodhnaithe), tá rochtain orthu tríd an American Oil Chemists Society (AOCS) ag <https://www.aocs.org/crm?SSO=True>.

(e) **Aitheantóir uathúil:**

KB-KWS2Ø1-6

(f) **Faisnéis a cheanglaítear faoi Iarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal Cartagena ar an mBithshábháilteacht a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch:**

Ní gá.

(g) **Coinníollacha nó srianta maidir leis na táirgí a chur ar an margadh, a úsáid nó a láimhseáil:**

Ní gá.

(h) **Plean faireacháin maidir le héifeachtaí comhshaoil:**

Ní gá.

(i) **Ceanglais faireacháin iarmhargaidh maidir le húsáid an bhia lena chaitheamh ag an duine:**

Ní gá.

Tabhair faoi deara: d'fhéadfadh sé gur ghá na naisc chuig doiciméid ábhartha a mhodhnú le himeacht ama. Cuirfear na modhnuithe sin ar fáil don phobal tríd an gclár Comhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus beatha géinmhodhnaithe a thabhairt cothrom le dáta.